
PLEAN OIDHREACHTA CHONTAE NA MÍ 2015- 2020



**Plean comhpháirtíochta straitéiseach ullmhaithe ag
Fóram Oidhreachta Chontae na Mí**

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council



comhairle chontae na mí
meath county council

Buíochas

Ba mhaith le Comhairle Contae na Mí buíochas a ghabháil le Fóram Oidhreachta Chontae na Mí as a gcomhairle, a gcomhoibriú agus a dtiomantas do phróiseas Phlean Oidhreachta an Chontae.

Is mian le Fóram Oidhreachta Chontae na Mí aitheantas a thabhairt do ról na Comhairle Oidhreachta maidir le tús a chur leis an bPlean Oidhreachta seo, agus é a ullmhú, i gcomhar le Comhairle Contae na Mí. Ina theannta tugann an Fóram aitheantas do thacaíocht na Comhairle Oidhreachta trí ranniocaíocht a dhéanamh chun phost an Oifigh Oidhreachta a mhaoiniú agus trí thionscadail faoi Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2007-2011 a chur i bhfeidhm, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae na Mí.

Ba mhaith leis an bhFóram buíochas a ghabháil le Megan Tierney dá cúnamh riaracháin.

Déan teagmháil led thoil leo seo a leanas le tuilleadh eolais a fháil:

An Oifig Oidhreachta,
Comhairle Contae na Mí
Teach Buvinda,
Bóthar Bhaile Átha
Cliath, An Uaimh,
Co. na Mí

Teileafón: 046-9097507 (Líne Díreach)
Facs: 046-9097001
R-phost: heritgage@meathcoco.ie
Láithreán Gréasáin: www.meathheritage.ie

© Fóram Oidhreachta Chontae na Mí

Grianghraf ar an gclúdach: Loch Craobh (*Turasóireacht Éireann*)

Clár

	Lch
<i>Brollach</i>	
1. Réamhrá	1
<i>Sócmhainní oidhreachta chultúrtha agus nádúrtha na Mí</i>	1
<i>An Plean Oidhreachta i gcomhthéacs</i>	1
<i>An Gaol le Plean Forbartha an Chontae</i>	2
<i>Scóip Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020</i>	2
<i>Prionsabail Threoracha</i>	5
<i>Forléargas ar Phlean Oidhreachta na Mí 2007-2011</i>	5
2 Ullmhúchán Phlean Oidhreachta na Mí 2015-2020	6
An Aidhm, Téamaí agus Gníomhartha Straitéiseacha	9
An chaoi a gcuirfear an plan i bhfeidhm	20
3 Scagadh do Mheasúnú Cuí	20
Aguisíní	
I Ballraíocht Fhóram Oidhreachta Chontae na Mí 2014	22
II Amlíne Ullmhúcháin an Phlean Oidhreachta	24
III Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí réamhdhréachta	26
IV Rogha Gnóthachtálacha de chuid Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2007-2011	30
V Reachtaíocht Oidhreachta Ábhartha	33
VI Teagmhálacha Úsáideacha/Eolas	36

Brollach

Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na Mí

Cuireann sé ríméad orm fáilte a chur roimh fhoilsiú *Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020*, an dara Plean Oidhreachta a ullmhaíodh don chontae. Is é is aidhm leis an bplean seo *‘feasacht, tuiscint agus léirthuiscint ar oidhrecht na Mí a mhéadú chomh maith leis an dea-chleachtas bainistíochta a chur chun cinn chun go mbainfidh gach duine taitneamh aisti’* Leagtar amach roinnt gníomhartha sa phlean chun ár dtuiscint ar oidhrecht na Mí a mhéadú trí fheasacht, oideachas agus oiliúint; dea-chleachtas a chur chun cinn chun ár n-oidhrecht a chaomhnú agus a bhainistiú; sonraí oidhreachta a bhailiú agus a scaipeadh, an oidhrecht a chur chun cinn mar acmhainn chun cur le caighdeán na beatha agus le forbairt chultúrtha agus gheilleagrach i gContae na Mí.

Tugann oidhrecht carachtar agus sainiúlacht áitiúil do gach baile, sráidbhaile agus ceantar tuaithe i gContae na Mí – agus cuireann sin go mór le brí agus le hanam na háite. Ghlac baill thofa de chuid Chomhairle Contae na Mí leis an bplean i ndiaidh próiseas comhairliúcháin phoiblí forleathan a chur i gcrích. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le gach duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin phoiblí agus ba mhaith liom an tiomantas atá againn oibriú i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile maidir le bheith rannpháirteach go gníomhach san oidhrecht, sult a bhaint aisti agus aire a thabhairt di a athdhearbhú.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an bhFóram Oidhreachta Contae, agus lena chathaoirleach an tUasal Séamus Mac Gabhann, as a ndíograis agus a ndúthracht an plean seo a chur i dtoll a chéile agus as an tacaíocht agus treoir leanúnach a chuireann siad ar fáil. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis an gComhairle Oidhreachta as Plean Oidhreachta Chontae na Mí a fhorbairt agus as tacaíocht a thabhairt dó.

Tá mé muiníneach go gcuirtear deis ar fáil leis an bplean seo an dul chun cinn agus na héachtaí a baineadh amach le feidhmiú an chéad Phlean Oidhreachta Contae a fhorbairt agus a neartú. Táim ag súil le dul i mbun oibre leis an bhFóram Oidhreachta Contae agus le gach páirtí leasmhar eile chun an dara Plean Oidhreachta a chur i bhfeidhm sna cúig bliana atá romhainn.

Jackie Maguire

Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae na Mí

Teachtaireacht ó Chathaoirleach Fóram Oidhreachta Chontae na Mí

Ó mhacalla mistéireach spioradálta Bhrú na Bóinne agus siombalachas na Teamhrach maidir le ceannas agus sairse pholaitiúil, tá oidhrecht na Mí ag croílár fhéiniúlacht náisiúnta na hÉireann. Is bealach ilfheidhmeach atá i bPlean Oidhreachta na Mí 2015-2020 chun oidhrecht an chontae a fhorbairt agus a fheabhsú. Rinne Oifigeach Oidhreachta na Mí, an Dr Loreto Guinan maoirseacht an-éifeachtúil ar Fóram Oidhreachta atá tiomanta agus leathan-bhunaithe chun an plean nuálach 5 bliana seo a chur i dtoll a chéile ina gcuimsítear oidhrecht thógtha, nádúrtha agus chultúrtha Chontae na Mí. Tríd an gclár oidhreachta nua seo, daingnítear ar bhealach cruthaitheach an t-éacht luachmhar a baineadh amach sa chéad phlean ceannródaíoch. Mar chuid den dara Plean Oidhreachta agus i gcomhar le saineolas ón Údarás Áitiúil, féachfar le leas a bhaint as an acmhainn chumhachtach chomhchoiteann seo. Sa Phlean oidhreachta nua tugtar dúshlán dúinn ar fad a bheith ina dtaiscéalaithe agus nuálaithe inár gcontae féin. Tá clú mór ar thaobh tíre aithnidiúil na Mí mar thaisce d'oidhrecht na hÉireann. Trí aithne níos fearr a chur ar an taobh tíre, gheofar léargas úr agus beifear ábalta seilbh a ghlacadh air ar bhealach níos iomláine dá bharr sin. Cuimsítear sa Phlean Oidhreachta bealaí nua chun an fhís sin a thabhairt chun fáil, agus chun lucht spéise eile a mhealladh, daoine óga ach go háirithe.

Trí iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil ar ár n-oidhrecht, déantar an meon dlúthpháirtíochta atá againn le tíortha eile na hEorpa a neartú. De réir an Choimisiúin Eorpaigh 'tá an oidhrecht comhdhéanta de scéalta áitiúla agus *le chéile* is iad na scéalta sin a thugann stair na hEorpa le fios dúinn'. Dá bharr sin is trínár n-oidhrecht féin a chothú a chuirtear lenár n-aitheantas níos leithne mar Eorpaigh. Ar an gcaoi sin, cuireann an oidhrecht an éagsúlacht chultúrtha chomh maith le malartú idirchultúrtha chun cinn. Féadann turasóireacht oidhreachta a bheith ina chúis mhór le gníomhaíocht gheilleagrach a ghiniúint, agus is féidir leis sin a bheith ina bhunús chun tionscadail chultúrtha agus chruthaitheacha a athnuachan. Trí bhéim a chur ar thaighde ceannródaíoch, ar dhigitiú, ar scileanna a fheabhsú agus ar sheilbh rannpháirteach a bheith ar oidhrecht, tá an Plean Oidhreachta seo dírithe ar mhúnla oidhreachta atá dinimiciúil agus inbhuanaithe a chur ar fáil do Chontae na Mí. Thar aon ní eile, is éard atá i gceist leis ná na hacmhainní inspioráideacha agus cruthaitheacha a bhaineann leis an oidhrecht a scaoileadh. Agus muid ag tabhairt aghaidhe ar na hócáidí comórtha a bheidh ar siúl sna deich bliana atá amach romhainn, cuimhnimid gur fíis chultúrtha athnuaithe, mar í seo, a spreag na daoine a mhúnlaigh aitheantas nua-aimseartha na hÉireann agus a bhunaigh ceannas na hÉireann. Ba í ár n-oidhrecht agus ár dtraidisiúin a spreag agus a thug inspioráid do na ceannairí sin. Ní bac a bhí iontu. Cuidíonn an fhreagairt chruthaitheach atá againn ar Phlean Oidhreachta nua na Mí chun an fhís náisiúnta ceannais sin a thabhairt chun fáil do ghlúin seo. Níor chaill lucht an mhisnigh riamh é.

Séamus Mac Gabhann,

Cathaoirleach, Fóram Oidhreachta na Mí

1. Réamhrá

Sócmhainní oidhreachta chultúrtha agus nádúrtha na Mí

Tá acmhainn oidhreachta shaibhir as an ngnáth ag an Mí agus roinnt suíomhanna aitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta aici, lena n-áirítear ceann de na coimpléascanna tuamaí pasáiste Neoiliteacha is suntasaí ar domhan ag Brú na Bóinne, a mheasann na Náisiúin Aontaithe ‘*sárluach uilíoch don chine daonna*’ a bheith aige; príomhchathair ársa agus suí Ardríthe na hÉireann i dTeamhair; tuamaí pasáiste Loch Craobh; an caisleán Angla- Éireannach is mó in Éirinn i mBaile Átha Troim; bailte agus sráid-dreacha na hUaimhe, Bhaile Átha Troim agus Cheanannais; samplaí iontacha de thithe móra agus tírdhreacha diméine ón 18ú agus 19ú céad; oidhreacht thionsclaíoch shuntasach canálacha agus muilte agus oidhreacht nádúrtha ilghnéitheach de ghleannta abhann, talamh feirme réchnocach, gréasán d’fhálta scean agus gnáthóga cois cósta. Is tírdhreach meallacach é seo a théann i bhfeidhm orainn, a thugann eolas dúinn, a spreagann sinn, a thugann bunús dúinn agus a nascann sinn.

Tugann oidhreacht carachtar agus sainiúlacht áitiúil do gach baile, sráidbhaile agus ceantar tuaithe sa Mhí a chuireann le hómós láidir áite agus is ábhar ollmhór mórtais í dá muintir agus dá bpobal. Cuireann dearcadh dearfach i leith bainistíocht oidhreachta le cáilíocht na beatha agus le hinbhuanaitheacht timpeallachta agus cinnteoidh gur acmhainn í ár n-oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha a chuidíonn leis an gcontae dul san iomaíocht mar cheann scríbe turasóireachta cultúrtha agus mar rogha láthair d’infheistíocht isteach.

D’aithin Comhairle Contae na Mí tábhacht na hoidhreachta ina Plean Corparáideach (2015-2019) ina luaitear “*oidhreacht nádúrtha agus thógtha a chuireann le caighdeán saoil dhaoine sa chontae agus atá ag mealladh cuairteoirí chuig an Mhí le fada an lá*”.

An Plean Oidhreachta i gComhthéacs

I 2002, d’fhoilsigh an Rialtas an Plean Oidhreachta Náisiúnta a aithníonn gur le gach duine an oidhreacht agus go bhfuil gach duine freagrach as í a chosaint. Deir an plean seo “*ní mór tús*

a chúr le cosaint ár n-oidhreachta ag an leibhéal áitiúil, rud a chuireann ar chumas gach duine a bheith bainteach go gníomhach le caomhnú agus le feabhsú í sin ar linn go léir í". Is gníomh lárnach den Phlean Oidhreachta Náisiúnta foráil don oidhrecht ag an leibhéal áitiúil trí Phleananna Oidhreachta Contae, a mbíonn Fóraim Oidhreachta Contae páirteach iontu, a ullmhú agus glacadh leo. Is freagra é ullmhúchán an chéad, agus anois, an dara Plean Oidhreachta de chuid Chontae na Mí, ar an mbeartas rialtais seo. Léiríonn na téamaí straitéiseacha atá leagtha amach i bPlean Oidhreachta an Chontae téamaí an Phlean Oidhreachta Náisiúnta tríd is tríd (*oidhrecht á cur i gcroílár an tsaoil phoiblí, oidhrecht á cosaint, eolas a fháil agus feasacht a chur chun cinn*).

Comhlíonann ullmhúchán agus cur i bhfeidhm Phlean Oidhreachta Chontae na Mí ceanglas de chuid Phlean Forbartha Chontae na Mí 2013-2019 chun *'Plean Oidhreachta Chontae na Mí agus aon leasaithe air, a fheidhmiú i gcomhar le Fóram Oidhreachta Chontae na Mí, i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, agus leis an bpobal'*.

An Gaol leis an bPlean Forbartha Contae

Is éard atá sa bPlean Forbartha Contae ná an creat reachtúil a leagann amach straitéis, beartais agus cuspóirí úsáid fhoriomlán na talún do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an chontae, agus cuspóirí eile an údaráis áitiúil, de réir na reachtaíochta ábhartha. Tá roinnt beartais agus cuspóirí ann do chosaint, do chaomhnú agus d'fheabhsú oidhrecht chultúrtha agus nádúrtha na Mí.

Is plean gnímh é an Plean Oidhreachta agus níl aon bheartas úsáid talún ann a mbeadh tionchar aige ar fhorbairt. Comhlánaíonn an Plean Oidhreachta an Plean Forbartha Contae, agus pleananna reachtúla eile, trí dhíriú ar thacú le cur i bhfeidhm cuspóirí oidhreachta trí bhailiú sonraí ábhartha, feasacht phoiblí a ardú, agus trí thabhairt faoi thionscadail/thionscnaimh chun an oidhrecht a aithint, a chosaint agus a bhainistiú.

Scóip Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020

Is é *Plean Oidhreachta Chontae na Mí* an dara Plean Oidhreachta do Chontae na Mí agus

clúdaíonn an tréimhse 2015 go 2020. Tugann an Plean deis chun tógáil ar an dul chun cinn agus ar na gnóthachtálacha a rinneadh trí chur i bhfeidhm an chéad Phlean Oidhreachta Contae agus chun iad a chomhdhlúthú. Tugann sé tiomantas leanúint de bheith ag obair le chéile leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara chun feasacht, tuiscint agus léirthuiscint do shócmhainní oidhreachta cultúrtha na Mí a mhúscailt. Léiríonn sé fíis do bhainistiú inbhuanaithe oidhreachta na Mí thar na sé bliana atá le teacht agus is deis é saincheisteanna agus riachtanais oidhreachta a aithint ag leibhéal contae, agus chun aghaidh a thabhairt orthu go háitiúil, laistigh de chreat náisiúnta agus réigiúnach. Déanann sé iarracht freisin tógáil ar an obair atá á déanamh faoi láthair sa chontae ag iliomad gníomhaireachtaí, eagraíochtaí, pobail, grúpaí agus daoine aonair.

Agus scóip na hoidhreachta atá le bheith san áireamh sa bplean á sainmhíniú, fuair an Fóram treoir ón Acht Oidhreachta (1995) a deir go n-áirítear é seo a leanas san oidhreachta náisiúnta:

- Séadchomharthaí
- Tírdhreacha
- Réada seandálaíochta
- Muirdhreacha
- Réada Oidhreachta
- Báid bhriste
- Oidhreachta ailtireachta
- Geolaíocht
- Flóra
- Gairdíní agus páirceanna oidhreachta
- Fána
- Uiscí intíre
- Gnáthóga fiadhúlra

D'aontaigh an Fóram an sainmhíniú thuas a leathnú le hoidhreachta tionsclaíoch agus talmhaíochta, oidhreachta shóisialta, béaloideas agus saol na tuaithe, ginealas, logainmneacha agus stair áitiúil a chur san áireamh.

Tá sé d'aidhm ag an bPlean Oidhreachta Contae tosaíochtaí a aithint le dul i mbun gnímh, creat a bhunú do bhainistiú oidhreachta ag an leibhéal áitiúil, agus taitneamh, feasacht, agus léirthuiscint dár n-oidhreachta a mhúscailt do chách. Úsáideadh an doiciméad dar teideal *A Methodology for Local Authority Heritage Officers on the*

Preparation of County/City Heritage Plans a chuir an Chomhairle Oidhreachta ar fáil in 2003 mar threoir agus Phlean á ullmhú.

Prionsabail Threoracha

Cuireann roinnt prionsabal lárnach taca faoi fhorbairt an Phlean Oidhreachta Contae agus cloífead leo nuair a bheidh an plean á chur i bhfeidhm. Beidh Comhairle Contae na Mí agus an Fóram Oidhreachta Contae faoi stiúir ag luachanna lárnacha a chuireann taca faoinár ngníomhaíochtaí go léir mar atá leagtha amach i *bPlean Corparáideach d'Údarás Áitiúla na Mí 2009 go 2014*, lena n-áirítear: *Inrochtaineacht, Freagracht, Oscailteacht, Neartú Pobal, Fócas Saoránach, Daonlathas Áitiúil a Fheabhsú, Glacadh le hAthrú, Comhionannas agus Eisiámh Sóisialta, Bainistiú Acmhainní, Inbhuanaitheacht agus Oibriú i gComhar lenár bPáirtithe Leasmhara.*

Tháinig feidhm in 2001 le Coinbhinsiún UNECE (Coimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Eoraip) ar Rochtain ar Eolas, *Rannpháirtíocht Phoiblí* i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, ar a dtugtar go coitianta Coinbhinsiún Aarhus. Dhaingnigh Éire é in 2013. Tugann Coinbhinsiún Aarhus cearta don phobal maidir le ***rochtain ar eolas, rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas***, i bpróisis chinnteoireachta rialtais ar chúrsaí a bhaineann leis an gcomhshaoil áitiúil, náisiúnta agus trasteorann. Beidh prionsabail Choinbhinsiún Aarhus i bhfeidhm i ngach gníomh a dhéanann Fóram Oidhreachta na Mí.

Forléargas ar Phlean Oidhreachta na Mí 2007-2011

Chlúdaigh an chéad Phlean Oidhreachta do Chontae na Mí a d'ullmhaigh an Fóram Oidhreachta Contae agus ar ghlac Comhairle Contae na Mí leis, an tréimhse 2007 go 2011, agus leag sé amach 77 gníomh a rabhthas le tabhairt fúthu thar thréimhse chúig bliana. Cuireadh síneadh leis an bPlean seo le 2012 agus 2013 a chur san áireamh, le go gcuirfí gach ceann de na príomhghníomhartha i bhfeidhm go hiomlán. Ó 2007, trí mhaoiniú agus trí thacaíocht a chuir Comhairle Contae na Mí agus an Chomhairle Oidhreachta ar fáil, tugadh chun críche go hiomlán 66 (85%) de na 77 gníomh sa phlean, nó ionchorpraíodh iad i ngníomhaíochtaí bliantúla leanúnacha. Tá cuid de phríomhghnóthachtálacha chéad Phlean Oidhreachta na Mí leagtha amach in Aguisín (IV).

Plean Oidhreachta na Mí 2015-2020 a Ullmhú

D'ullmhaigh an Fóram Oidhreachta Contae an plean seo i gcomhairle le daoine den chontae agus le heagraíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil suim acu in oidhrecht na Mí.

Thosaigh próiseas an ullmhúcháin don dara Plean Oidhreachta in Aibreán 2014 le cur i láthair ó Oifigeach Oidhreachta Choiste Beartais Straitéisigh um Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach Chomhairle Contae na Mí, a thug tuairisc agus athbhreithniú ar chur i bhfeidhm ghníomhartha an chéad Phlean Oidhreachta agus a chuir clár ama i láthair d'ullmhúchán Phlean Oidhreachta nua an Chontae. I Meitheamh, i ndiaidh na dtoghchán áitiúil, d'ainmnigh gach ceann de na sé Cheantar Bardasacha ionadaí tofa le bheith ar Fhóram Oidhreachta an Chontae – ar ghrúpa comhairleach neamhrechtúil é a bhunaigh Comhairle Contae na Mí le cuidiú le foirmlíú agus le feidhmiú an Phlean Oidhreachta Contae. Áirítear i bhFóram Oidhreachta an Chontae ionadaithe tofa, ionadaithe ón bpobal agus ón earnáil dheonach agus ó raon leathan eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí stáit a bhfuil suim ghníomhach acu in, nó atá freagrach as, oidhrecht na Mí. Rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht an Fhórait. Léirítear ballraíocht reatha an Fhórait in Aguisín I. Rinneadh cur i láthair do bhaill thofa Chomhairle Contae na Mí in Iúil 2014 a d'fhaomhaigh an próiseas chun Plean Oidhreachta nua an Chontae a ullmhú.

Reáchtáladh próiseas comhairliúcháin poiblí réamhdhréachta (ceithre sheachtain) ó Lúnasa 6 go Meán Fómhair 3 2014 (an dá dháta sin san áireamh). Ullmhaíodh ceistneoir comhairliúcháin agus bhí sé ar fáil ar líne trí *survey monkey*; fógraíodh an próiseas san *Meath Chronicle* agus ar www.meath.ie agus ar shuíomhanna na meán sóisialta agus tugadh cuireadh don phobal aighneachtaí a dhéanamh. Chomh maith leis sin, lorgaíodh aighneachtaí ó raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear ionadaithe tofa, gníomhaireachtaí rialtais agus stáit, gach grúpa pobail sa chontae atá cláraithe le Rannóg Pobail Chomhairle Contae na Mí, Liosta Seachadta Oifig Oidhreachta na Mí, Ollscoileanna

agus an earnáil eagraíochtaí neamhrialtasacha. Tugann Aguisín III sonraí na n-aighneachtaí scríofa réamhdhréachta a fuarthas.

Cuimsíonn Fóram Oidhreachta Chontae na Mí trí ghrúpa oibre:

- (1) Oidhreacht nádúrtha agus bithéagsúlacht
- (2) Oidhreacht thógtha
- (3) Oidhreacht chultúrtha agus oidhreacht oideachais

Ullmhaíodh tuarascáil ar na saincheistanna go léir a ardaíodh sna haighneachtaí comhairliúcháin poiblí réamhdhréachta agus cuireadh i láthair gach ghrúpa oibre iad.

I rith Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair 2014 tháinig gach grúpa oibre le chéile trí huairé chun saincheistanna lárnacha oidhreachta a aithint, aighneachtaí réamhdhréachta a bhreithniú agus teacht ar aontú faoi ghníomhartha don dréachtphlean. Rinne Fóram Oidhreachta na Mí aighneachtaí a bhreithniú go hiomlán agus rinneadh gach iarracht sa dréachtphlean seo tuairimí agus imní an phobail a léiriú. Ach ba cheart a thabhairt ar aird, agus téarmaí tagartha straitéiseacha agus bonn náisiúnta an phlean á gcur san áireamh, nach raibh sé indéanta go ginearálta saincheistanna a bhain go sonrath le láthair a chur san áireamh.

Rinneadh cur i láthair ar an Dréachtphlean don Choiste Beartais Straitéisigh um Pleanáil, Geilleagair agus Fiontair ar 30 Deireadh Fómhair 2014. Tionóladh cruinniú iomlánach d'Fhóram Oidhreachta Chontae na Mí ar 8 Eanáir 2015 chun ábhar críochnaitheach an Dréachtphlean a shocrú. Cuireadh an Dréacht i láthair bhaill tofa Chomhairle Contae na Mí ag cruinniú na Comhairle ar 12 Eanáir 2015 ag ar socraíodh an plean a chur ar taispeáint go poiblí agus tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin poiblí ar an Dréacht. Féadtar aighneachtaí nó tuairimí i scríbhinn ar an Dréachtphlean Oidhreachta a dhéanamh suas go dtí Dé Máirt an 3 Márta 2015. Reáchtáladh sé sheisiún comhairliúcháin phoiblí i ngach Ceantar Bardasach i mí Feabhra 2015. Fuarthas tríocha a haon aighneacht i scríbhinn maidir le *Dhréachtphlean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020* (Féach Aguisín III). Bhreithnigh an Fóram Oidhreachta Contae aighneachtaí an 12 Márta 2015 agus moladh go

ndéanfaí leasuithe ar an dréacht. Cuireadh an plean deiridh i láthair bhail thofa Chomhairle Chontae na Mí agus glacadh leis i mí Aibreáin 2015.

An Aidhm, Téamaí Straitéiseacha agus Gníomhartha:

Is é is aidhm do Phlean Oidhreachta Chontae na Mí 2015-2020 ná feasacht, tuiscint agus léirthuisicint ar oidhreacht na Mí a mhéadú chomh maith leis an dea-chleachtas bainistíochta a chur chun cinn chun go mbainfidh gach duine taitneamh aisti.

Rinne an Fóram Oidhreachta na gníomhartha thíos a aontú agus eagraítear iad i **sé théama straitéiseacha:**

- Téama Straitéiseach 1: Ár dtuiscint ar oidhreacht na Mí a mhéadú trí fheasacht, oideachas agus oiliúint
- Téama Straitéiseach 2: Sonraí oidhreachta agus eolas a scaipeadh ar phobal níos leithne agus suirbhéanna/taighde a dhéanamh sa chás go mbíonn bearnaí eolais ann
- Téama Straitéiseach 3: Dea-chleachtas i gcaomhnú agus i mbainistiú sócmhainní oidhreachta na Mí a chur chun cinn
- Téama Straitéiseach 4: Oibriú i gcomhar le pobail áitiúla agus le páirtithe leasmhara eile chun gabháil go gníomhach dár n-oidhreacht, taitneamh a bhaint aisti agus cúram a dhéanamh di
- Téama Straitéiseach 5: An oidhreacht a spreagadh mar acmhainn chun cur le cáilíocht na beatha agus le forbairt eacnamaíoch agus chultúrtha sa Mhí
- Téama Straitéiseach 6: An oidhreacht a phríomhshruthú laistigh den Údarás Áitiúil agus ceapachán gairmithe oidhreachta a lorg chun tacú le seirbhís oidhreachta comhtháite a chur ar fáil

Téamaí Straitéiseacha agus Gníomhartha:

Tá 53 gníomh sa phlean seo, agus rangáítear iad faoi na sé phríomhthéama straitéiseacha seo. Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil na gníomhartha atá leagtha amach réadúil agus indéanta le linn shaolré an phlean agus go bhfuil siad ag teacht leis na haighneachtaí a fuarthas le linn na seisiún comhairliúcháin phoiblí ag an gcéim réamhdhréachta agus ag an gcéim dréachta.

Téama Straitéiseach 1: Ár dtuiscint ar oidhreacht na Mí a mhéadú trí fheasacht, oideachas agus oiliúint

Uimh.	Gníomh
1.1	Dul i dteagmháil leis an bpobal chun feasacht a mhúscailt agus tuiscint ar oidhreacht agus ar luach ginealach reiligi agus a struchtúir stairiúla ghaolmhara a spreagadh.
1.2	Comhdháil bhliantúil/débhliantúil a chur chun cinn agus a éascú (agus úsáid á baint as dea-chleachtas idirnáisiúnta) lenár dtuiscint ar gach gné den oidhreacht a neartú ag leibhéal náisiúnta, contae agus pobail.
1.3	‘Lá Oidhreachta’ a bhunú i scoileanna agus tionscadal pólótach a fhorbairt i ngach Ceantar Bardasach i gcomhar le hIonad Oideachais na hUaimhe lena mbeadh scoil nasctha le grúpa oidhreachta áitiúil chun tabhairt faoi thionscadal oidhreachta.
1.4	Dul i dteagmháil leis an bpobal ar líne le sluaifhoinsiú a dhéanamh agus ainmneacha gach crosaire sa chontae a aithint.
1.5	Clár feasachta agus oideachais oidhreachta a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le hIonad Oideachais na hUaimhe, dírithe ar dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile, ar mhúinteoirí agus ar phobal na scoile le go gcuirfí séadchomharthaí na Mí san áireamh mar chuid den churaclaim Bunscoile, an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta.
1.6	Plean agus Straitéis Chumarsáide Oidhreachta a fhorbairt agus a fheidhmiú dírithe ar ghrúpaí aitheanta de gheallsealbhóirí.

1.7	Is i gContae na Mí atá an t-aon Ghaeltacht aitheanta i gCúige Laighean; Ráth Chairn/Baile Ghib. Iarracht a dhéanamh cur leis an bpobal ar leith seo mar acmhainn shaibhir don tír ar fad, ag féachaint don tábhacht a bhaineann leis ó thaobh na hantraipeolaíochta, na socheolaíochta, an oideachais, na hoidhreachta, an chultúir, an bhéaloidis agus na teangeolaíochta.
1.8	Taispeántas a fhorbairt a thabharfadh sárthaispeántas ar gheolaíocht an chontae lena léiriú i leabharlanna mórthimpeall na tíre.
1.9	Tionscadal a dhéanamh ar oidhreacht nádúrtha Thoibreacha Beannaithe
1.10	Feasacht a mhúscailt faoi gach gné den oidhreacht trí chlár feasachta oidhreachta bliantúil (e.g. cainteanna, siúlóidí, foilseacháin, taispeántais, seimineáir, oiliúint i mbainistiú dea-chleachtais, agus rannpháirtíocht i gclár náisiúnta agus in imeachtaí mar an tSeachtain Oidhreachta, Lá na Bithéagsúlachta agus Seachtain na gCrann nó tionscnaimh eile) dírithe ar phríomhgheallsealbhóirí agus spriocghrúpaí lena n-áirítear grúpaí pobail, scoileanna agus an pobal.
1.11	Cumann Allamuigh Ghleann na Bóinne a bhunú agus clár bliantúil gníomhaíochtaí (turais, siúlóidí páirce, cainteanna tae etc.) i gcomhar le geallsealbhóirí náisiúnta
1.12	Leabhrán nó bileog mhínithe a fhoilsiú faoi gheolaíocht an chontae ina mbeidh tagairt faoi leith do shuíomhanna a bhfuil teacht ag an bpobal orthu agus áitiúla

Téama Straitéiseach 2: Sonraí oidhreachta agus eolas a scaipeadh ar phobal níos leithne agus suirbhéanna/taighde a dhéanamh sa chás go mbíonn bearnaí eolais ann

Uimh.	Gníomh
2.1	Cartlann de gach tuarascáil seandálaíochta (lena n-áirítear tochairt, tástáil, monatóireacht, EIS, suirbhé geoifisiceach, measúnuithe eile) a scríobhadh maidir le hiarratais phleanála nó obair thaighde ar fud an chontae a bhunú agus a choinneáil.
2.2	A chinntiú go ndéantar gach suíomh a nua-aimsítear trí imscrúduithe seandálaíochta agus a fhíoraítear ag an tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta ar seandálaíocht.ie nó ar bhealaí eile, a thaifeadadh ar chóras GIS na Comhairle agus go ndéantar iad a chomhtháthú i nósanna imeachta phleanála ó am an fhíoraithe/taifeadta ag na húdarais ábhartha.

2.3	Tairseach Gréasáin GIS-bhunaithe Sonraí Oidhreachta cuimsitheach Chontae na Mí a fhorbairt agus a choinneáil trí thaifid, bunachair shonraí agus tuarascálacha atá ar fáil ar shócmhainní oidhreachta sa chontae a chomhordú agus a dhigitiú. Beidh an bunachar sonraí seo comhoiriúnach le bunachair shonraí náisiúnta atá ann cheana nó atá á
2.4	Eolas a scaipeadh ar oidhreacht an Chontae trí theicneolaíochtaí digiteacha a úsáid, lena n-áirítear aipeanna Fóin Chliste, léirithe ilmheán (fuaime, treoir físe etc.) agus na meáin shóisialta.
2.5	Iarracht a dhéanamh tacú le taighde ar oidhreacht lámhscríbhinní filí, scríobhaithe agus scoláirí na Mí agus lena bhfoilsíú.
2.6	Obair forbartha ar chartlann ghrianghrafadóireachta a chur chun cinn trí shealbhú, scanadh agus chatalógú, úsáid á baint as na samhaltacha dea- chleachtais is nuáí
2.7	Fardal de flóra agus fána sa chontae a thiomsú.
2.8	Suirbhéanna/tionscadail a dhéanamh chun sonraí oidhreachta a bhailiú áit a bhfuil bearnaí eolais ann.
2.9	Clocha míle atá sa chontae a aithint, a chur ar léarscáil agus an riocht ina bhfuil siad a mheas
2.10	Fardal Reiligí na Mí a fhoilsíú agus a scaipeadh chun tacú le grúpaí áitiúla na reiligí a dhoiciméadú agus a thaifeadadh
2.11	Fardal a thiomsú maidir le huiscebhealaí inseolta chun caomhnú agus bainistiú uiscebhealaí inseolta a chur ar aghaidh i gcomhpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ar fad a bhaineann le hábhar
2.12	Fardal uileghabhálach de pháipéir eolaíochta a bhaineann le geolaíocht agus geomoirfeolaíocht na Mí a thiomsú.

Téama Straitéiseach 3: Dea-chleachtas i gcaomhnú agus i mbainistiú sócmhainní oidhreachta na Mí a chur chun cinn

Uimh.	Gníomh
3.1	Cláir oiliúna inmheánacha a bhunú d'fhoireann na Comhairle atá bainteach le bainistiú oidhreachta (seandálaíocht agus/nó oidhrecht nádúrtha/thógtha) an chontae le tagairt ar leith don dea-chleachtas atá cothrom le dáta. Is é a thabharfaidh na cláir oiliúna seo d'fhoireann na Comhairle atá bainteach le cinntí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an oidhrecht, taithí ar bhunachair shonraí náisiúnta agus ar acmhainní atá ann cheana chun bonn eolais a chur faoi phróiseas na cinnteoireachta.
3.2	Plean Gnímh Bithéagsúlachta Chontae na Mí 2015-2020 a fheidhmiú i gcomhar leis na páirtithe leasmhara go léir agus leis an bpobal.
3.3	Oibrithe Deonacha Caomhantais Ghleann na Bóinne a bhunú i gcomhar le Comhairle Contae Lú.
3.4	Coiste Comhairleach Séadchomharthaí Stairiúla a bhunú.
3.5	Coiste foirgneamh stairiúla inmheánach a bhunú chun na críche seo a leanas: feidhmiú mar bhealach le heolas a mhalartú; seimineáir a eagrú; saincheisteanna comhleasa a scrúdú; agus chun treoir agus comhairle maidir le cúram, coinneáil, bainistiú agus maoiniú acmhainn foirgneamh stairiúla an Údaráis Áitiúil a chomhordú.
3.6	Painéal ailtirí caomhantais a chruthú a bheadh ar fáil chun comhairle a chur ar fáil do Chomhairle Contae na Mí faoi oibreacha caomhnaithe ar struchtúir stairiúla, má theastaíonn sí.

Téama Straitéiseach 4: Oibriú i gcomhar le pobail áitiúla agus le gheallsealbhóirí eile chun gabháil go gníomhach dár n-oidhreacht, taitneamh a bhaint aistí agus cúram a dhéanamh di

Uimh.	Gníomh
4.1	Scéim Deontas Oidhreachta Pobail Chomhairle Contae na Mí a bhunú chun tacú le pobail áitiúla tabhairt faoi thionscadail oidhreachta agus Dámhachtainí Oidhreachta Bliantúla a chur ar fáil do thionscadail/phobail a léirigh dea- chleachtas maidir le tuiscint, taifeadadh nó caomhnú oidhreachta.
4.2	Líonra/fóram a bhunú do ghrúpaí oidhreachta áitiúla agus imeacht bliantúil a reáchtáil chun comhairle a chur maidir le bunú, staidreamh scóipe tionscadal, rannpháirteachas i dtionscadail ar fud an chontae (e.g. reiligí agus stair bhéil), foilseacháin agus deontais.
4.3	An tionscadal <i>'My Tara'</i> a úsáid mar theimpléad chun tabhairt ar phobail leas a bhaint as a dtírdhreach.
4.4	Naisc straitéiseacha a fhorbairt le hinstitiúidí trí leibhéal chun taighde oidhreachta i gContae na Mí a spreagadh agus chun urraíocht a lorg ón earnáil phríobháideach/páirtithe leasmhara chun tacú le clár taighde aontaithe.
4.5	Tacú le hobair leanúnach Thionscadail Ainmneacha Páirce na Mí trí: <ul style="list-style-type: none"> a. Na sonraí atá bailithe cheana i dtionscnaimh oidhreachta agus turasóireachta a úsáid b. Béim a chur ar shnáithe breise den tionscadal mar réimsí suntasacha don taighde acadúil c. Tacú le hobair leanúnach an tionscadail ar líne agus le tionscnaimh foilsithe
4.6	Oibriú i gcomhar le hinstitiúidí trí leibhéal, an Clár Fionnachtana, grúpaí pobail agus geallsealbhóirí eile chun tionscadail oidhreachta agus tionscnaimh fhor- rochtana/oideachais, agus taighde nuálaíoch a fhorbairt agus a chur chun cinn.
4.7	Oibriú i gcomhar leis na heagraíochtaí/gníomhaireachtaí ábhartha agus leis an bpobal chun tuiscint ar oidhreacht uiscebhealaí agus struchtúir ghaolmhara i gContae na Mí a chur chun cinn.

4.8	Idirghabháil a chur ar bun agus oibriú i gcomhar le húdaráis áitiúla eile ar shaincheisteanna comhchoiteanna oidhreachta.
4.9	Dul i gcomhar leis an bpobal i bpróiseas rannpháirtíochta chun Ráiteas ar Leagan Amach an tSráidbhaile a chur le chéile do Dhamhliag lena n-áirítear Plean Caomhnaithe agus Bainistithe do shéadchomharthaí.

Téama Straitéiseach 5: An oidhreacht a spreagadh mar acmhainn chun cur le cáilíocht na beatha agus le forbairt eacnamaíoch agus chultúrtha sa Mhí

Uimh.	Gníomh
5.1	Tionscadail a fhorbairt chun láir bailte agus sráidbhailte stairiúla a fheabhsú agus a athbheochan, rud a dhéanfaidh soláthar do chaomhnú, d'athchóiriú, d'athnuachan agus d'athfhorbairt foirgneamh agus sráid-dhreacha stairiúla, lena n-áirítear uasghrádú ar aghaidheanna siopa agus ar an réimse poiblí, agus ardchaighdeán dearaidh shibhialta a chur chun cinn.
5.2	Tabhairt faoi staidéar ar thionchair agus ar dheiseanna eacnamaíocha, sóisialta/oideachais Shuíomh Oidhreachta Domhanda UNESCO ag Brú na Bóinne.
5.3	Déanfaidh Fóram Oidhreachta Chontae na Mí agus Comhairle Contae na Mí iniúchadh gníomhach ar dheiseanna maoinithe AE, i gcomhar le comhpháirtithe eile, b'fhéidir, ar bhonn trasteorann nó réigiúnaigh.
5.4	Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhorbairt Theach Chnóbha mar lárionad d'Oideachas Oidhreachta Cultúrtha.
5.5	Tacú le cur i bhfeidhm <i>Chreat Taighde Suíomh Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne</i> agus <i>Plean Bainistíochta Suíomh Oidhreachta Domhanda Bhrú na Bóinne</i>
5.6	Oibriú i gcomhar le príomhgheallsealbhóirí chun Contae na Mí a fhorbairt agus a chur chun cinn mar ionad d'oideachas oidhreachta agus cheann scríbe do thurasóireacht chultúrtha.
5.7	Tacú le staidéar féidearthachta ar mhúsaeim chontae a chur ar fáil i gcomhairle le páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta agus iniúchadh a dhéanamh ar mhúsaeim fhíorúil (ar líne) a fhorbairt.
